

Atáirgeadh Daonna | Nótaí Ábhar



- **LH** ———> **TÉISTISTÉARÓN** ———> **FSH** ———> **TÁIRGEADH SPEIRMEACHA**
- Is gnéithe iad **saintréithe gnéis tánaisteacha** a dhéanann idirdhealú idir fir agus mná, gnéithe nach cuid den chóras atáirgthe iad. (is iad téististéarón/éastraigin na hormóin atá freagrach)
Fir = gruaig aghaidhe, caithir, fás úll na scornaí, leathnú na nguailí agus an chliabhraigh.
Mná = caithir, fás na gcíoch, méadú sna cromáin.
- Is sraith athruithe timthriallacha é an **timthriall míosta**, a tharlaíonn i gcóras atáirgthe na mban thar thréimhse 28 lá. Is iad na trí chéim:

1. **Céim falacach** (laethanta 1-13): tosaíonn an chéim seo le **míostrú**, is é sin scoitheadh líneáil an inmheitriam. Leanann an **chéim iomadaithe** é seo, céim ina dtarlaíonn athlíneáil an útarais agus forbairt na huibhe san ubhagán. Spreagann tál **FSH** as an bpiotútach foirmiú **falacailí graafacha** sna hubhagáin agus tagann méadú ar na leibhéil **éastraigine** dá bharr seo. **Cuireann sé cosc ar thál FSH** as an bpiotútach (m.sh. aischothú diúltach) agus de ghnáth ní fhorbraítear ach **falacail ghraafach amháin** ina hiomláine. I dtreo dheireadh na céime falacaí, **sroicheann leibhéil éastraigine leibhéal criticiúil**. Táirgeann an fhaireog phiotútach **borradh LH** mar fhreagairt air seo.
2. **Ubhsceith** (lá 14): **scaoiltear ubh ón ubhagán** mar thoradh ar an mborradh LH. **Éiríonn an fhalacail ghraafach ina cist bhuí ar a dtugtar an corpus luteum**. Tagann laghdú beag ar na leibhéil éastraigine dá bharr seo.
3. **Pas lúiteach** (laethanta 15-28: **tálann an corpus luteum próigeistéarón** (ardaíonn próigeistéarón teocht an choirp sna laethanta tar éis an ubhsceite) agus táltar méid beag **éastraigine** chomh maith. Bíonn aischothú diúltach acu seo ar FSH. **Coinníonn próigeistéarón an t-inmheitriam freisin** go dtí deireadh an timthrialla, ag cinntiú go bhfuil an t-útaras réidh d'ubh atá toirchithe. **Mar a mheathann an corpus luteum**,

titeann leibhéil próigeistéaróin agus éastraigine agus faightear réidh leis an gcosc ar FSH agus tosaíonn an timthriall arís. Má tharlaíonn toirchiú, táirgeann an ubh thoirchithe hormón a choinníonn an corpus luteum san ubhagán.

- Is siadaí neamhurchóideacha iad **fiobróidí (fibroids i mBéarla)** a fhásann i mballa matánach an útarais. Is féidir ultrafhuaim a úsáid leis an siad a bhriseadh suas, ach bíonn gá le hobráid leis an siad a bhaint amach i gcásanna tromchúiseacha. Is ionann **histireachtóime** agus baint iomlán an útarais.
 - **Cúpláil/comhriachtain:** péineas éirithe a chur san fhaighin.
 - Tarlaíonn **súnás/orgasam** nuair a bhaineann an griogadh gnéis buaicphointe amach.
 - **Seadadh:** scaoileadh seamhain ón bpéineas.
 - **Toirchiú:** comhtháthú speirmchill haplóideach le hubhchill haplóideach chun siogót dhioplóideach a dhéanamh.
 - Is é is dóichí go n-éireodh bean torrach sa **tréimhse thorthúlachta** den timthriall míosta.
 - **Ionchlannú:** nuair a dhéantar an suth a leabú i líneáil an útarais.
 - Is orgán í an **phlacaint** a dhéantar as fíochán suthach agus útarach. Cruthaítear é seo san útaras le linn toirchis agus soláthraíonn sé nasc idir an mháthair agus an leanbh. Ligeann an phlacaint do chothaithigh, H₂O, O₂, d'antasubstaintí, do dhruaí agus do hormóin dul ó shruth fola na máthar go sruth fola an linbh. Ligeann sí chomh maith do shalachar imeacht ó chorp an linbh. Coinnítear fuil na máthar agus fuil an linbh óna chéile (cuireann sé seo cosc le **frithghníomhú haemalaíoch** = meascán d'fhuilghrúpaí éagsúla)
 - **Moral:** liathróid de chealla neamhdhifreáilte a chruthaítear de bharr na miotóise.
 - **Blastaicist:** sac lán de shreabhán ina bhfuil **mais na gceall istigh (ICM)**, a bhíonn mar bhunús leis an suth. Is ionann an **trófablast** agus an tsraith sheachtrach den bhlastaicist. Leanann mais na gceall istigh ag deighilt de bharr miotóise agus eagraítear cealla i dtrí gheirmshraith: **Eictideirm** (craiceann, néarchóras), **méisideirm** (córas matánchnámharlaigh, duáin) agus an **indeirm** (ae, paincréas)
 - **Ionchlannú:** nuair a dhéantar an suth a leabú i líneáil an útarais.
- **SIOGÓT** —————> **MORAL** —————> **BLASTAICIST** —————> **SUTH** —————> **FÉATAS**
 @Toirchiú miotóis (1,2,4,8...) @thart ar lá 7 cruthaítear ó ICM é @ 8ú seachtain

BREITH CLAINNE:

1. **Tinneas clainne:** tálann an piotútach **ocsatóicin**, a spreagann **crapthaí an útarais**. Pléascann an sac aimnianach agus scaoiltear sreabhán aimnianach (briseadh an uisce) Bíonn na crapthaí seo is cúis le **leathadh an cheirbheacs**.
 2. **Breith:** a luaithe is atá an ceirbheacs leata go leor, is féidir leis an leanbh teacht amach tríd an bhfaighin. **Clampáiltear agus gearrtar an tsreang imleacáin ansin**.
 3. **Slánú:** **tagann an phlacaint amach ón útaras** cúpla nóiméad tar éis breithe mar gheall ar chrapadh leanúnach an útarais.
- **Lachtadh:** táirgeadh agus tál bainne ó chíocho na mná mar fhreagairt ar hormón ar a dtugtar **Prólachtain**.
 - **Cothú cíche:** cothú linbh/naíonáin díreach ón gcíoch. Tálann na cíocha **colastram** sna laethanta tosaigh tar éis breithe. Is bainne comhdhlúite agus cothaitheach é seo ina bhfuil antasubstaintí a chosnaíonn an leanbh ar ghalair i laethanta tosaigh a shaoil.
 - **Breithrialú:** na céimeanna a ghlactar le líon na leanaí a shaolaítear a rianú.
 - Is éard is **ginmhilleadh** ann ná féatas a bhaint ón útaras.
 - **Frithghiniúint:** an toircheas a chosc d'aon ghnó trí thorthú nó ionchlannú a stopadh. Baineann modhanna **nádúrtha, meicniúla, ceimiceacha agus máinliachta** leis an bhfrithghiniúint.
 - **Neamhthorthúlacht:** gan a bheith in ann leanbh a ghiniúint. Deirtear go bhfuil lánúin neamhthorthúil murar féidir leo leanbh a ghiniúint tar éis dóibh caidreamh collaí a bheith acu thar thréimhse 12 mhí, gan úsáid frithghiniúna. I measc na gcúiseanna le neamhthorthúlacht i measc na bhfear tá **cliseadh na faireoige inchríní** agus **áireamh íseal speirmeacha**. Bíonn **bacadh ar an bhfeadán fallópach** ina chúis le neamhthorthúlacht i measc na mban.
 - **Toirchiú in vitro (IVF):** sa phróiseas seo, déantar ubhchill a thoirchiú le speirmchill lasmuigh den chorp (i mias Petri de ghnáth). Táirgeann sé seo siogót dhioplóideach a chuirtear isteach san útaras tríd an ionchlannú.